RÚN (AE) 2022/1804 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontas Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0111/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 24 167 314 buiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (an "Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú 5,67 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur as buiséad an Aontais amháin nach mór a thagann buiséad na Gníomhaireachta;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 ("tuarascáil na Cúirte"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais na Gníomhaireachta beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gurb é an toradh a bhí ar iarrachtaí maidir le faireachán buiséid le linn na bliana airgeadais 2020 ná ráta cur chun feidhme buiséid 100,00 %, an ráta céanna a bhí ann in 2019; ag tabhairt dá haire gurbh é 70,85 % an ráta forghníomhaithe i gcás leathreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, arb ionann é agus laghdú 7,85 % i gcomparáid le 2019;

2. ag tabhairt dá haire, de réir na tuarascála ón gCúirt agus fhreagra na Gníomhaireachta i dtaca leis obair leantach ar urscaoileadh 2019, gurb ard a bhí tabhairt anonn leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh Theideal III, lena léirítear go príomha cineál phríomhghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, lena n-áirítear staidéir agus gníomhaíochtaí eile múscailte feasachta a mhaoiniú, ar príomhghníomhaíochtaí iad a mhaireann roinnt míonna, agus ar minic leo maireachtáil níos faide ná deireadh bliana; ag tabhairt dá haire gurb ionann na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a tugadh anonn le haghaidh Theideal III agus méadú 23 % i gcomparáid leis na leithreasuithe céanna in 2019; ag tabhairt dá haire go raibh cuid shuntasach de leithreasuithe Theideal III a tugadh anonn agus a bhí cothrom le 25 % in 2021, geallta i mí na Nollag 2020; ag thabhairt dá haire, thairis sin, go raibh leithreasuithe Theideal III na Gníomhaireachta a tugadh anonn in 2020 ar cóimhéid le 28 % de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a tugadh anonn ó 2019; ag tabhairt dá haire gur léiriú iad na torthaí sin ar shaincheist struchtúrach sa Ghníomhaireacht agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht an fhadhb a réiteach trína pleanáil buiséid agus a timthriallta cur chun feidhme a fheabhsú;

Feidhmíocht

3. á chur i bhfios go láidir gur den tábhacht é ról na Gníomhaireachta i gcabhrú lena áirithiú go ndéantar cearta bunúsacha daoine atá ina gcónaí san Aontas a chur chun cinn agus a chosaint; á mheabhrú a thábhachtaí atá an Ghníomhaireacht agus machnamh ar shlándáil agus ar chearta bunúsacha á chur chun cinn aici; á thabhairt chun suntais, go háirithe, an luach atá le staidéir agus le tuairimí na Gníomhaireachta maidir le forbairt agus cur chun feidhme dhlí an Aontais; ag meabhrú ghealltanas na Gníomhaireachta i leith grúpaí leochaileacha a chosaint agus i gcoinne aon chineál idirdhealú;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 60.

4. ag tabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di gur fhreagair an Ghníomhaireacht do phaindéim COVID-19 trí shé fheasachán a fhoilsiú, lenar cuireadh forléargas tráthúil agus cuimsitheach ar fáil ar na himpleachtaí maidir le cearta bunúsacha a bhí ag na bearta náisiúnta a glacadh ar fud an Aontais chun saoránaigh a chosaint ar COVID-19; á mheabhrú , áfach, nár cuireadh acmhainní breise ar fáil don Ghníomhaireacht chun an cúram breise sin a chur i gcrích; á chur in iúl gur geal léi, d'ainneoin na ndúshlán a bhain le paindéim COVID-19, gur chuir an Ghníomhaireacht 163 079 n-ábhar agus uirlis i dtoll a chéile a bhain le gníomhaíochtaí ardú-feasachta agus a bhí go hard os cionn na sprice don bhliain 2020; á chur in iúl gur mór aici an méadú ar láithreacht na Gníomhaireachta sna meáin shóisialta;

5. á chur i bhfios go láidir an faireachán leanúnach a dhéanann an Ghníomhaireacht ar na dúshláin iomadúla maidir le cearta bunúsacha a bhíonn mar thoradh ar shonraí a bhailiú, a stóráil agus a phróiseáil i gcórais mhórscála TF agus idir-inoibritheacht na gcóras sin; á thabhairt chun suntais go gcuireann an Ghníomhaireacht i bhfáth na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta bunúsacha maidir le sonraí pearsanta a chosaint, cosaint i gcoinne idirdhealú, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus an gá atá le coimircí a chur chun feidhme i gceart;

6. ag aithint nádúr casta na staidéar a dtugann an Ghníomhaireacht fúthu, lena gcumhdaítear dlí agus cleachtas gach Ballstáit agus an líon ard foilseachán a tháirgtear agus cúrsaí oiliúna a chuirtear ar fáil chun comhlíonadh cearta bunúsacha a áirithiú, lena rannchuidítear agus lena gcuirtear san áireamh obair chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí éagsúla an Aontais;

7. á thabhairt chun suntais ghealltanas na Gníomhaireachta i leith grúpaí leochaileacha a chosaint agus i leith cosaint a thabhairt i gcoinne gach cineál idirdhealaithe laistigh den Aontas; á chur in iúl gur geal léi go soiléirítear raon feidhme ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta sa togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ([2]), lena gcumhdaítear inniúlachtaí uile an Aontais;

8. ag tabhairt dá haire go mbaineann an Ghníomhaireacht úsáid as 31 eochairtháscaire feidhmíochta mar chuid dá creat tomhaiste feidhmíochta chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchar a cuid gníomhaíochtaí agus go mbaineann sí úsáid as cúig eochairtháscaire feidhmíochta bhreise chun a bainistiú buiséid a fheabhsú; ag tabhairt dá haire gur seoladh athchóiriú ar a creat tomhaiste feidhmíochta in 2020 chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na Gníomhaireachta ar an leibhéal straitéiseach agus ar an leibhéal oibríochtúil araon;

9. á chur in iúl gur geal léi comhar na Gníomhaireachta le gníomhaireachtaí eile, go háirithe leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí, an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn agus an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí chun comhchuspóirí beartais a bhaint amach; á chur in iúl gur geal léi, ina theannta sin, go dtacaíonn an Ghníomhaireacht go tráthrialta le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais chun oibleagáidí is toradh ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léiriú ina gcuid oibre; ag spreagadh na Gníomhaireachta chun leanúint de bhealaí a fhiosrú chun acmhainní agus baill foirne a roinnt i gcúraimí forluiteacha i measc gníomhaireachtaí eile a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla;

10. á chur in iúl gur geal léi an leathnú ar chomhairle na Gníomhaireachta maidir le cearta bunúsacha do ghníomhaireachtaí eile an Aontais, ag cabhrú go háirithe leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta le 40 monatóir cearta bunúsacha a chur chun feidhme ar fud a cuid oibríochtaí;

11. á chur in iúl gur geal léi gur éirigh leis an nGníomhaireacht a clár oibre bliantúil a chur chun feidhme in 2020 agus gur éirigh léi a cuid spriocanna uile a bhaint amach; á chur in iúl gur geal léi an dlús ar an gcomhar idir an Ghníomhaireacht agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail Comhairle na hEorpa agus na Náisiúin Aontaithe; á athdhearbhú gur mór aici seoladh Chóras Faisnéise an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha chun úsáid níos córasaí a bhaint as measúnuithe ar oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát maidir le cearta an duine;

Beartas foirne

12. ag tabhairt dá haire, an 31 Nollaig 2020, go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 97,22 %, go raibh ceapacháin déanta i gcás 70 gníomhaire sealadach as 72 ghníomhaire shealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 72 phost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur 32 ghníomhaire ar conradh agus naonúr saineolaithe náisiúnta ar iasacht a d'oibrigh don Ghníomhaireacht in 2020;

([2]) COM(2020) 225.

13. á chur in iúl gur geal léi gur ann do chothromaíocht inscne i measc chomhaltaí sinsearacha bainistíochta na Gníomhaireachta, agus triúr as seisear comhalta (50 %) ar den inscne chéanna iad, agus i measc fhoireann fhoriomlán na Gníomhaireachta, le 53 as 102 chomhalta (51,96 %) ar mná iad; ag tabhairt dá haire an chothromaíocht inscne i measc chomhaltaí bhord bainistíochta na Gníomhaireachta, gur mná iad 30 as 50 comhalta (60 %); á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a chur san áireamh nuair a bheifear ag ainmniú a gcomhaltaí do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta;

14. ag tabhairt dá haire na tuarascála ón nGníomhaireacht inar tuairiscíodh gur neamhléir don fhoireann an difríocht idir am oibre agus am fóillíochta as siocair modhanna oibre a athraíodh le linn phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire na bearta a rinne an Ghníomhaireacht chun tacú le sláinte, sábháilteacht agus dea-bhail a foirne trí thacaíocht leormhaith TF a chur ar fáil, lenar áirithíodh rochtain ar fhaisnéis, trealamh oifige a ceannaíodh don bhaile a aisíoc, socruithe solúbtha oibre a thabhairt isteach, déanamh deimhin de go ndearnadh cumarsáid idir an fhoireann agus cinn aonaid a choimeád, agus lenar iarradh ar an bhfoireann aiseolas a thabhairt ar na príomhábhair imní a bhí acu agus ar na nuálaíochtaí ba mhian leo a bheith ann; ag tabhairt dá haire, thairis sin, na suirbhéanna a rinne an Ghníomhaireacht faoi thaithí dhianghlasála na foirne agus torthaí shuirbhé mhí na Nollag 2020 inar léiríodh go raibh 75 % den fhoireann sásta leis na socruithe solúbtha oibre agus gur bhraith 85 % díobh gur coinníodh go leormhaith ar an eolas iad faoi fhorbairtí maidir le socruithe oibre;

Soláthar

15. á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh de réir bharúil na Cúirte maidir le córas ríomhthairisceana agus ríomhaighneachta a thabhairt isteach agus go bhfuil sé sin tugtha chun críche; á chur in iúl gur geal léi gur thug an Ghníomhaireacht isteach an chéad ghlao oscailte ar thairiscintí a raibh an ríomhaighneacht mar chuid de le linn na chéad ráithe de 2020;

16. ag tabhairt dá haire gur sheol an Ghníomhaireacht 11 nós imeachta soláthair, dhá nós imeachta oscailte agus naoi gcinn a ndearnadh caibidlíocht ina leith; á thabhairt dá haire gur shínigh an Ghníomhaireacht 632 chonradh; ag tabhairt dá haire gur chonarthaí díreacha a bhí i dtrí cinn de na comhaontuithe agus gurb ionann a luach agus EUR 3 362 306 san iomlán, gur chonarthaí sonracha nó gurbh fhoirmeacha ordaithe faoi chreatchonarthaí ab ea 529 díobh a bhí cothrom le EUR 7 824 667, agus gur chonarthaí ar luach íseal ab ea 100 díobh a bhí ar cóimhéid le EUR 486 243;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus an trédhearcacht

17. á chur in iúl gur geal léi bearta reatha na Gníomhaireachta agus na hiarrachtaí leanúnacha atá sí a dhéanamh maidir leis an trédhearcacht a áirithiú, i ndáil le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus i ndáil le sceithirí a chosaint; ag tabhairt dá haire go ndearnadh measúnú agus maolú ar roinnt cásanna coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, agus a measadh a bheith ann, agus nár tuairiscíodh aon chás den sórt in 2020; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur foilsíodh CVanna agus dearbhuithe maidir le leasanna beagnach gach comhalta den bhord bainistíochta agus den lucht bainistíochta sinsearaí ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht CVanna agus na dearbhuithe maidir le leasanna atá fós gan foilsiú a fhoilsiú agus á chur in iúl gur geal léi na bearta atá déanta cheana chun na rioscaí a mhaolú;

Rialú Inmheánach

18. ag tabhairt dá haire go ndearna Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin iniúchadh in 2019 ar Dhearadh agus Cur Chun Feidhme an Tionscadail Taighde, lena n-áirítear an soláthar; ag tabhairt dá haire, de réir na Gníomhaireachta, nár sainaithníodh aon rioscaí criticiúla; ag tabhairt dá haire, áfach, go raibh ceithre mholadh thábhachtacha mar thoradh ar iniúchadh na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach; ag tabhairt dá haire go rabhthas ag dréim leis go ndéanfadh an Ghníomhaireacht na moltaí sin a chur chun feidhme faoi dheireadh 2021;

19. ag tabhairt dá haire, maidir leis na barúlacha leantacha ar urscaoileadh 2019, gur fháiltigh an Ghníomhaireacht roimh an togra maidir le creat comhchoiteann eitice le haghaidh institiúidí agus ghníomhaireachtaí an Aontais agus go bhfuil sí réidh chun rannchuidiú leis na líonraí ábhartha;

20. ag tabhairt dá haire go bhfuil creat rialaithe inmheánaigh glactha ag an nGníomhaireacht atá bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta chun a áirithiú go mbainfear amach a cuspóirí beartais agus bainistíochta; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht measúnú inmheánach in 2020 ar leibhéal chur chun feidhme an chreata nua rialaithe inmheánaigh agus gur thángthas ar an tátal go bhfuil beagnach gach comhpháirt den chreat rialaithe inmheánaigh ann agus go bhfuil siad ag feidhmiú le chéile ar bhealach comhtháite; ag tabhairt dá haire gur cheart don Ghníomhaireacht tabhairt faoi bhearta chun nuashonrú tráthrialta ar thuairiscí poist a fheabhsú, gur cheart di féachaint le cur chun feidhme tráthúil an chleachtais maidir le tuairisciú forbartha gairme a bhaint amach, gur cheart di measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir bunú beartais cumarsáide inmheánaí chomhtháite a sheachfhoinsiú agus gur cheart di pleanáil agus faireachán buiséid ar leibhéal na bainistíochta a neartú trí úsáid a bhaint as uirlisí tuairiscithe tiomnaithe;

Freagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

21. ag thabhairt dá haire, d'ainneoin na ndúshlán a bhain le paindéim COVID-19, go raibh torthaí na Gníomhaireachta in 2020 i gcomhréir lena doiciméad clársceidealaithe aonair ilbhliantúil agus leis na leasuithe air sin, arbh é a bhí i gceist leo a plean leanúnachais gnó a ghníomhachtú agus a cuid oibre a chur in ord nua tosaíochta;

22. ag aithint na ndúshlán a bhaineann le paindéim COVID-19 agus na bearta gaolmhara a thug na Ballstáit isteach chun COVID-19 a shrianadh, a raibh tionchar acu ní hamháin ar thráth foilsithe thuarascálacha na Gníomhaireachta agus ar sheoladh na dtorthaí, ach ar chur chun feidhme Shuirbhé Romach 2020 agus ar ghníomhaíochtaí allamuigh eile a bhí beartaithe faoi thionscadail éagsúla freisin; á chur in iúl gur geal léi, áfach, an dúthracht a chaith an Ghníomhaireacht leis an obair leantach ar na bearta agus le teacht ar réitigh maidir lena tionscadail a chur chun feidhme go fónta;

Barúlacha eile

23. ag tabhairt dá haire gur bhain an Ghníomhaireacht úsáid as réiteach slán ríomhphoist (SECEM) a chuireann an Coimisiún ar fáil chun tarchur slán faisnéise íogaire neamh-rúnaicmithe a áirithiú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur lean an Ghníomhaireacht na moltaí slándála uile arna n-eisiúint ag Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta de chuid an Choimisiúin agus ag an bhFoireann Práinnfhreagartha Ríomhaire de chuid institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais a mhéid a bhain le córas bainistithe inneachair gréasáin "DRUPAL" a úsáid, an teicneolaíocht a úsáidtear le haghaidh shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá digitiú nósanna imeachta inmheánacha na Gníomhaireachta; á thabhairt chun suntais gur trí fheidhm a bhaint as acmhainní daonna inmheánacha a rinneadh aistriú na Gníomhaireachta chuig néalseirbhísí in 2020, agus go raibh coigilteas EUR 350 000 dá bharr;

24. á chur in iúl gur geal léi gur tháirg an Ghníomhaireacht 163 079 n-ábhar agus n-uirlis a bhaineann le gníomhaíochtaí múscailte feasachta, táirgeadh a bhí i bhfad os cionn an 2 150 a bhí mar sprioc aici le haghaidh 2020; ag tabhairt dá haire gur fhan an Ghníomhaireacht ar thús cadhnaíochta i dtaca le hábhair i gcló a scaipeadh trí shuíomh gréasáin Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh i rith phaindéim COVID-19; á chur in iúl gur geal léi an méadú atá tagtha ar líon na n-uaireanta a luadh an Ghníomhaireacht sna meáin le blianta beaga anuas, agus í á lua 92 uair ar an meán in aghaidh na seachtaine agus 369 n-uaire in aghaidh na míosa in 2020, gurb amhlaidh a luadh a dhá oiread níos mó í ná i mblianta roimhe sin;

25. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, mar a d'éirigh leis an nGníomhaireacht áit oibre agus straitéis atá éifeachtach ó thaobh costais de agus atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a áirithiú agus ag spreagadh na Gníomhaireachta chun leanúint de dhea-chleachtais a úsáid agus tuilleadh feabhais a chur orthu;

26. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([3]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.